Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 41

# An tÚdarás Póilíneachta

# Réamhrá

Is mise, mar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Póilíneachta, an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa a réiteach don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le go n-iniúchtar é.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas iniata réitithe agam de mhéid an chaiteachais sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 i leith thuarastail agus speansais an Údaráis Phóilíneachta.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas na bliana.

Tá barrachas €544,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas Beartas agus Prionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta ar 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (Údarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. An Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí atá san Údarás. Is é ról an Údaráis feidhmíocht fheidhmeanna an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta a mhaoirsiú.

Tá an tÚdarás freagrach as

- a bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus iad a threorú
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh
- an PF agus na bainisteoirí sinsearacha a choinneáil cuntasach as feidhmíocht éifeachtach a bhfreagrachtaí
- gnóthaí a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistíocht riosca
- a chinntiú gur ann do chórais éifeachtach um rialú inmheánach agus go bhfeidhmítear iad
- plean straitéiseach a réiteach agus glacadh leis, agus
- réiteach thuarascáil bhliantúil an Údaráis.

Beidh an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an Údarás. Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2019 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoin 31 Márta 2020.

De bhun thuarascáil an Choimisiúin maidir le Todhchaí na Póilíneachta tá sé beartaithe comhlacht nua reachtúil a bhunú. Cuirfidh an comhlacht nua na moltaí atá sa tuarascáil i bhfeidhm, moltaí chun Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta a chomhcheangal. Leanfaidh na comhlachtaí maoirseachta atá ann i láthair na huaire dá gcuid ról reatha go dtí mbeidh an reachtaíocht nua i bhfeidhm.

## Ráiteas Beartas agus Prionsabal Cuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta i leith táirgeadh cuntas leithreasa, faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019, agus an cuntas á réiteach.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an tÚdarás Póilíneachta córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas absalóideach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirghabhálacha á n-údarú agus á gclárú go hiomchuí agus go gcoisctear nó go mbraifí earráidí nó mírialtachtaí ábharacha go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí airgeadais ar fáil don Údarás faoi chomhaontú seirbhíse arna dhéanamh ag Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus AD ar fáil don Údarás chun seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a chur ar fáil faoi mheabhrán tuisceana. Tá na dualgais atá orm maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá na hOifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as na córais um rialú inmheánach a fheidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear córais chuí i ndáil le rialachas agus rialú inmheánach i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Údarás.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht ag dul leo dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta i gcomhair tuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus le beart ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá cáipéisíocht ar fáil ar na croí-nósanna imeachta gnó go léir.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na gnéithe seo a leanas

- tá córas cuí buiséadaithe ann agus athbhreithnítear an buiséad bliantúil tríd an bhFoireann Bainistíocht Shinsearach (FBS)
- déanann an FBS athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht in aghaidh réamh-mheastachán
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí infheistíochta caipitil ann agus smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail agus
- cinntíonn an tÚdarás go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus gurb ann do nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte cuí uile, arna gcomhlíonadh ag an Údarás.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta agus Riosca***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Údarás Póilíneachta atá seachfhoinsithe faoi láthair ina bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. Anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an tÚdarás nochta a chuireann bonn eolais faoina gcuid oibre agus tá na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís seo. Is é aidhm na bpleananna seo na croírialuithe a chumhdach ar bhonn céimnithe thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnímse agus Coiste Iniúchta agus Riosca an Údaráis an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go chéile.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun agam lena chinntiú go bhfeidhmítear tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca feidhmithe ag an Údarás ina sainaithnítear agus a dtuairiscítear ar chroírioscaí agus ar na bearta bainistíochta a dhéantar chun tabhairt faoi na rioscaí seo agus iad a mhaolú a oiread agus is féidir.

Is ann do chlár rioscaí ina sainaithnítear na croírioscaí atá roimh an Údarás agus tá siad sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir an tsuntais a bhaineann leo. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an FBS an clár rioscaí ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta a bhfuil gá leo chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht ar bhaill shainiúla foirne as feidhmiú rialuithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla monatóireachta ar phróisis rialaithe curtha ar bun agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta cearthaitheacha a dhéanamh agus don FBS, más bainteach, go tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh croírioscaí agus rialuithe bainteacha agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcroírialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú éifeachtachta***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoraithe ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag obair bhainistíocht shinsearach an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna um rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Helen Hall**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

2 Márta 2020

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Údarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2020

# Vóta 41 an tÚdarás Póilíneachta

## Cuntas Leithghabhála 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Maoirseacht neamhspleách ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána a chur ar fáil | 3,376 | 2,845 | 2,440 |
| | **Ollchaiteachas** | **3,376** | **2,845** | **2,440** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | 52 | 65 | 66 |
| | **Glanchaiteachas** | **3,324** | **2,780** | **2,374** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a feidhmíodh dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **544,124** | **912,270** |

**Helen Hall**
Oifigeach Cuntasaíochta
Údarás Póilíneachta

2 Márta 2020

# Nótaí a Ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Riarachán Pá | | 1,932 | 1,772 |
| Riarachán Neamhphá | | 913 | 668 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,845** | **2,440** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **65** | **66** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,780** | **2,374** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ceannaigh | (5) | | |
| Dímheas | 5 | — | |
| | | | (5) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 14 | | |
| Méadú ar stoc | (2) | | |
| | | 12 | (3) |
| **Caiteachas díreach** | | **2,792** | **2,366** |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 313 | 436 |
| **Glanchostas cláir** | | **3,105** | **2,802** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 41 a íocadh in áit eile comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 253 | 379 |
| Vóta 18 | Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte | 4 | 2 |
| Vóta 24 | Dlí, Ceart agus Comhionannas | 48 | 47 |
| | | **313** | **436** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.1 | 16 | 16 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 83 | 90 |
| Stoic | | 7 | 5 |
| Réamhíocaíochtaí | | 15 | 13 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 4 | — |
| Glanchistiúchán Státchiste | 2.4 | 14 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 123 | 108 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 31 | 15 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.3 | 101 | 90 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 132 | 105 |
| **Glandliteanais sócmhainní (reatha)** | | (9) | 3 |
| **Sócmhainní reatha** | | **7** | **19** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.5 | **7** | **19** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistiú | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil agl 1 Eanáir 2019 | 20 | 33 | 53 |
| Breiseáin | 4 | 1 | 5 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 24 | 34 | 58 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 8 | 29 | 37 |
| Dímheas na bliana | 4 | 1 | 5 |
| Dímheas carntha ag31 Nollaig 2019 | 12 | 30 | 42 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **12** | **4** | **16** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 12 | 4 | 16 |

## 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 4 | — |
| | 4 | — |

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 57 | 53 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 20 | 18 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 15 | 2 |
| Cáin bhreisluacha ar shonraisc choigríche | 6 | 2 |
| | 98 | 75 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 3 | 15 |
| | **101** | **90** |

## 2.4 Glanchistiúchán Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 544 | 912 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh anuas | (558) | (912) |
| **Glanchistiúchán Státchiste** | **(14)** | **—** |
| **Arna léiriú ag**: | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Earraí eile dochair ar fionraí | 4 | — |
| Banc agus airgead tirim | 83 | 90 |
| | 87 | 90 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (98) | (75) |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | (3) | (15) |
| | (101) | (90) |
| | **(14)** | — |

## 2.5 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 19 | 11 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 3,324 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (544) | | |
| Glanvóta | | | 2,780 | 2,374 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile | 1.1 | | 313 | 436 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (3,105) | (2,802) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **7** | **19** |

## 2.6 Tiomantais

**Tiomantais Lán-chuimsitheacha**

| | | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 85 | 10 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riarachán

Rangaítear an costas ar fad a bhaineann le clár mar chaiteachas riaracháin.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 2,176 | 1,932 | 1,772 |
| ii | Taisteal agus cothú | 50 | 49 | 34 |
| iii | Speansais oiliúna agus forbartha agus teagmhais | 745 | 637 | 444 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 50 | 12 | 12 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 125 | 150 | 116 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 130 | 64 | 58 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 100 | 1 | 4 |
| | | **3,376** | **2,845** | **2,440** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas an vóta (+/-25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin: €2.176 milliún, toradh: €1.932 milliún*

Ba mar gheall gur ghlac sé tréimhsí ama níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis chun baill foirne a earcú agus a cheapadh, rud a chiallaigh go raibh 33 ball foirne den 39 ball foirne iomlán socraithe ag deireadh na bliana 2019, a raibh easnamh €244,000 sa chaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais.

**iii Speansais oiliúna agus forbartha agus teagmhais**

*Soláthar meastacháin: €745,000, toradh: €637,000*

Bhí costas riaracháin níos ísle i rith na bliana mar thoradh ar an moill a bhí ann poist foirne a líonadh. Bhí gníomhaíochtaí áirithe a bhí beartaithe don bhliain nach bhféadfaí a chur ar siúl ó tharla nach raibh na poist ar fad san Údarás líonta agus dá bhrí sin bhí coigilteas €108,000 sa bhfotheideal seo.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin: €125,000, toradh:€150,000*

Ba mar thoradh ar riachtanais trealaimh oifige, réamhíocaíocht maidir le ceadúnais bhogearraí, agus méaduithe bliain i ndiaidh bliana i gcaiteachas ar sheirbhísí arna mbainistiú ag TFC, seirbhísí clódóireachta bainistithe, agus soláthairtí stáiseanóireachta an róchaitheamh €25,000 sa bhfotheideal seo.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 52 | 65 | 66 |
| | **52** | **65** | **66** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d’asbhaintí a bhaineann le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

# Nóta 5 Líon agus Pá Fostaithe

## 5.1 Líon fostaithe

**Coibhéisí lánaimseartha**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon baill foirne ag deireadh bliana | 33 | 32 |

## 5.2 Pá fostaithe

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,768 | 1,618 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2 | 13 |
| ÁSPC fostóra | 162 | 141 |
| **Pá iomlán** | **1,932** | **1,772** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ar ragobair

| | Líon na bhfaight-eoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, speisialta nó dualgais bhreise | 1 | — | 1,495 | 11,187 |

## 5.4 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

In 2019, bhí naonúr comhaltaí ag an Údarás, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Íocadh táillí dar luach iomlán €143,681 le linn 2019 (2018: €151,191). Bhí cruinnithe iomlánacha ag an Údarás 15 n-uaire (sé cinn go poiblí), (2018: 15), (cúig cinn go poiblí) agus tionóladh 25 cruinniú fochoiste san iomlán (2018: 29). €19,768 a íocadh le comhaltaí boird an Údaráis mar speansais i 2019 (2018: €9,747). Gearradh na táillí agus speansais ar fho-cheannteideal A (iii) Speansais oiliúna agus forbartha agus teagmhais.

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh aon státseirbhíseach déag a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú le dul i mbun dualgas éagsúil in 2019 (2018: sé) ar chostas iomlán €82,543 (2018: €73,233). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le pearsanra atá ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.